AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2021
COM(2021) 588 final

2021/0302 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a bheartaítear faoin bPrótacal (2021-2026) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in earnáil an Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (SFPA) idir Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Comhphobal Eorpach agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 8 Lúnasa 2008 ar feadh tréimhse sé bliana. Glactar leis go bhfuil an Comhaontú á athnuachan ó shin. An Prótacal is déanaí de chur chun feidhme an Chomhaontaithe, a raibh tréimhse tosaigh ceithre bliana (2015-2019) leis, tá síneadh curtha leis faoi dhó, go ceann tréimhse bliana amháin gach uair. Rachaidh sé in éag an 15 Samhain 2021[1]. Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta[2], rinne an Coimisiún an chaibidlíocht le Poblacht Ioslamach na Máratáine (dá ngairtear 'an Mháratáin' anseo feasta) d'fhonn comhaontú comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe chomh maith lena phrótacal cur chun feidhme a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Ag deireadh na caibidlíochta, chuir na hidirbheartaithe a n-inisealacha ar an gComhaontú agus an Prótacal an 28 Iúil 2021.

Leis an gComhaontú nua, cumhdaítear tréimhse sé bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 20 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá Pháirtí é. Beidh sé in-athnuaite trí chomhaontú intuigthe.

Leis an bPrótacal nua cur chun feidhme, cumhdaítear tréimhse cúig bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 19 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá Pháirtí é. Déantar foráil ann maidir le clásal athbhreithnithe le linn an dara bliain den chur i bhfeidhm chun go bhféadfaí coigeartú a dhéanamh ar dheiseanna iascaireachta agus ar an gcúiteamh airgeadais a bhaineann leis sin.

Is é is aidhm don togra leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a thugtar leis an bPrótacal a bhunú idir na Ballstáit.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Chomhaontaithe nua creat nuashonraithe a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe á gcur san áireamh agus a ghné sheachtrach, d'fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine i réimse na n-iascach agus í a threisiú.

Is é is aidhm don Phrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithí an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta na Máratáine i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CICTA) agus an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhí seasamh caibidlíochta an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2015-2019), agus ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach maidir le Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoi na measúnuithe sin. Ina theannta sin, is é an aidhm atá leis, feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainní iascaigh a shaothrú i limistéar iascaireachta na Máratáine agus san Aigéan Atlantach, ar mhaithe leis an dá Pháirtí. Ina theannta sin, cuideoidh an comhar sin le poist a

[1] IO L 404 2.12.2020, lch 1.

[2] Arna ghlacadh ag an 3418ú Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22 Deireadh Fómhair 2015.

chruthú i gcomhréir le dálaí oibre cuibhiúla, i gcomhréir le Coinbhinsiún 188 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le hobair in earnáil an iascaigh.

Déantar foráil leis an bPrótacal nua, le linn an chéad dá bhliain den chur i bhfeidhm, go mbeidh na deiseanna iascaireachta céanna faoin bPrótacal reatha, seachas a mhéid a bhaineann le tonnáiste tagartha don dá chatagóir tuinnín dá ndéantar coigeartú imeallach. Seo a leanas, go háirithe, na catagóirí lena mbaineann:

– Catagóir 1 – Soithí iascaireachta crústach seachas an gliomach agus an portán. 5000 tona agus 15 shoitheach;

– Catagóir 2 – Trálaeir nach bhfuil reoiteoir iontu agus soithí spliéireachta lena ndéantar iascaireacht ar an gcolmóir Seineagálach: 6000 tona agus 4 shoitheach;

– Catagóir 2bis – Trálaeir-reoiteoirí lena ndéantar iascaireacht ar an gcolmóir Seineagálach: 3 500 tona colmóirí, 1 450 tona de scuid eitilte Eorpach , 600 tona cudail le haghaidh 6 shoitheach;

– Catagóir 3 – Soithí iascaireachta na speiceas grinnill seachas an colmóir Seineagálach ina bhfuil trealamh seachas an trál : 3000 tona agus 6 shoitheach ;

– Catagóir 4 – Soithí tuinníní peas-saighne: 14 000 tona (tonnáiste tagartha) agus 29 soitheach;

– Catagóir 5 – Soithí tuinníní agus trálaeir spliéireachta tuinníní: 7 000 tona (tonnáiste tagartha) agus 15 shoitheach ;

– Catagóir 6 – trálaeir-reoiteoirí iascaireachta peiligí: 247 500 tona agus 19 soitheach ;

– Catagóir 7 - Soithí iascaireachta peiligí nach bhfuil reoiteoir iontu: 15 000 tona (bainte as méid chatagóir 6 má úsáidtear iad) agus 2 shoitheach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá caibidlíocht an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua maidir le hearnáil an Iascaigh Inbhuanaithe leis an Máratáin agus maidir leis an bPrótacal le haghaidh a chur chun feidhme mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice sa Mhuir Chairib agus tíortha an Aigéin Chiúin (ACC) agus cuirtear san áireamh, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha, an dea-rialachas agus cearta an duine a urramú.

I gcás na Máratáine, tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh ina chuid de chreat comhpháirtíochta déthaobhach níos leithne lena gcumhdaítear réimsí éagsúla, lena n-áirítear comhar um fhorbairt, an tsíocháin agus an tslándáil, an dea-rialachas, cearta an duine, an imirce, an fhorbairt dhaonna, fás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe lena n-áirítear dálaí oibre, an comhshaol agus an t-athrú aeráide mar aon leis an mbeartas chun tacú leis na réigiúin is forimeallaí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, go nglacfaidh sí bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh ag soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar atá leagtha amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa bhliain 2018, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex-post* ar Phrótacal 2015-2019 de chuid SFPA a tugadh i gcrích leis an Máratáin, chomh maith leis an bhféidearthacht atá ann go ndéanfaí meastóireacht *ex-ante* ar athnuachan den Phrótacal sin.

Sa mheastóireacht thángthas ar an gconclúid go bhfuil suim mhór ag earnáil iascaigh an Aontais in i ngníomhaíochtaí iascaireacht a dhéanamh sa Mháratáin agus go bhfuil athnuachan an Phrótacail chun leasa an dá Pháirtí, agus a thábhachtaí atá an iascaireacht le haghaidh gheilleagar na Máratáine a chur san áireamh. Ina theannta sin, le hathnuachan an Phrótacail, chabhrófaí le faireachán, rialúchán agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas feabhsaithe na n-iascach sa réigiún.

Maidir leis an Aontas Eorpach, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí comhar domhain earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlínse. Ach an caidreamh leis an Máratáin a neartú, beifear in ann comhghuaillíochtaí a chruthú laistigh de chreat CICTA agus i gcásanna réigiúnacha eile, go háirithe CECAF. Ina theannta sin, i gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go gcoinneofar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. I gcás údaráis na Máratáine, is é is aidhm dó leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n-aigéan a neartú, ag baint tairbhe as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a geilleagair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith leis an riarachán iascaigh agus le hionadaithe shochaí shibhialta na Máratáine, mar chuid den mheastóireacht. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31 (10) den Rialachán lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an dréacht-Rialachán ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle ar Chomhaontú Comhpháirtíochta in earnáil an Iascaigh Inbhuanaithe chomh maith lena Phrótacal Cur Chun Feidhme idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine a shíniú, thar ceann an Aontais, maidir lena dtabhairt i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe a bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh faoin bPrótacal, i.e. ar dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh.

2021/0302 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a bheartaítear faoin bPrótacal (2021-2026) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in earnáil an Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá ann faoi láthair idir an Comhphobal Eorpach agus an Mháratáin[3] i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2008 agus tá sé fós i bhfeidhm. An Prótacal atá ann faoi láthair lena gcuirtear an Comhaontú sin chun feidhme, rachaidh sé in éag an 15 Samhain 2021.

(2) An 8 Iúil 2019, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún idirbheartaíocht a thosú le Poblacht Ioslamach na Máratáine ('An Mháratáin') d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus an Mháratáin ('Comhaontú Comhpháirtíochta nua') a thabhairt i gcrích, mar aon le Prótacal Chur Chun Feidhme leis ('an Prótacal nua').

(3) Tugadh an t-idirbheartú i gcrích go rathúil an 28 Iúil 2021 trí inisealacha a chur leis an gComhaontú nua agus leis an bPrótacal nua. Tiocfaidh an comhaontú nua in ionad an chomhaontaithe atá ann faoi láthair.

(4) An […], ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/xxxx[4], maidir le síniú an chomhaontí comhpháirtíochta agus an Phrótacail nua, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal nua, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) Ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine agus an gá atá ann fad an chur isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir.

---

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1801/2006 ón gComhairle an 30 Samhain 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine – IO L 343, 8.12.2006, lch. 1.

[4] Cinneadh (AE) 2021/… ón gComhairle an ..... (IO L , ..., lch.).

(7) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal nua ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí an Aontais leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Phrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an chomaoin airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine le haghaidh thréimhse 2021-2026 (ar a dtugtar 'an Phrótacail' anseo feasta), déanfar iad a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas:

(1) catagóir 1 – soithí iascaireachta crústach seachas an gliomach agus an portán:

an Spáinn	4 150 tona
an Iodáil	600 tona
an Phortaingéil	250 tona

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le 15 shoitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;

(2) catagóir 2 – trálaeir nach bhfuil reoiteoir iontu agus soithí spiléireachta lena ndéantar iascaireacht ar an gcolmóir Seineagálach:

an Spáinn	6 000 tona

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le ceithre shoitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;

(3) catagóir 2a – trálaeir (a bhfuil reoiteoirí iontu) colmóirí Seineagálacha :

An Spáinn:

Colmóir Seineagálach	3 500 tona
Scuid	1 450 tona
Cudail	600 tona

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le sé shoitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;

(4) catagóir 3 – soithí iascaireachta na speiceas grinnill seachas an colmóir Seineagálach ina bhfuil trealamh seachas an trál:

an Spáinn	3 000 tona

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le sé shoitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;

(5) catagóir 4 – báid saighne tuinnín (14 000 tona – tonnáiste tagartha):

an Spáinn	17 gceadúnas bhliantúla
an Fhrainc	12 cheadúnas bhliantúla

(6) catagóir 5 – soithí tuinníní agus soithí spiléireachta ar fuaidreamh (7 000 tona – tonnáiste tagartha):

an Spáinn	14 cheadúnas bhliantúla

an Fhrainc 1 cheadúnas bliantúil

(7) catagóir 6 – Reothrálaeir pheiligeacha:

an Ghearmáin 13 038, 4 thona

an Fhrainc 2 714, 6 thona

an Laitvia 55 966, 6 thona

an Liotuáin 59 837, 6 thona

an Ísiltír 64 976, 1 tona

an Pholainn 27 106, 6 thona

Éire 8 860, 1 tona

Le linn na tréimhse chur i bhfeidhm ar an bPrótacal, beidh an líon ceadúnas ráithiúil seo a leanas ag na Ballstáit:

an Ghearmáin 4

an Fhrainc 2

an Laitvia 20

an Liotuáin 22

an Ísiltír 16

an Pholainn 8

Éire 2

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún más féidir ceadúnais áirithe a chur ar fáil do Bhallstáit eile.

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le 19 soitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;

(8) catagóir 7 - soithí iascaireachta peiligí nach bhfuil reoiteoir iontu:

Éire 15 000 tona

Mura n-úsáidfear na deiseanna iascaireachta sin, aistreofar iad chuig catagóir 6 de réir mhodh leithdháilte na catagóire sin.

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le 2 soitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a shíneofar an Prótacal.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán